2024/2338

10.10.2024

CINNEADH (AE) 2024/2338 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

an 11 Aibreán 2024

maidir le dúnadh chuntais an Fhorais Eorpaigh chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú (Eurofound) don bhliain airgeadais 2022

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA,

— ag féachaint do chuntais bhliantúla chríochnaitheacha an Fhorais Eorpaigh chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú (Eurofound) don bhliain airgeadais 2022,

— ag féachaint don tuarascáil bhliantúil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le Gníomhaireachtaí an Aontais don bhliain airgeadais 2022, agus freisin do na freagraí ó na gníomhaireachtaí ([1]),

— ag féachaint don ráiteas dearbhaithe ([2]) i dtaobh bheachtas na gcuntas agus dhlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leo, ar ráiteas é a chuir an Chúirt Iniúchóirí ar fáil don bhliain airgeadais 2022, de bhun Airteagal 287 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

— ag féachaint do mholadh an 22 Feabhra 2024 ón gComhairle maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt don Fhoras i ndáil le cur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2022 (06180/2024 – C9-0105/2024),

— ag féachaint d'Airteagal 319 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

— ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ([3]), agus go háirithe Airteagal 70 de,

— ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/127 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Eanáir 2019 lena mbunaítear an Foras Eorpach chun dálaí maireachtála agus oibre a fheabhsú (Eurofound), agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 1365/75 ón gComhairle ([4]), agus go háirithe Airteagal 16 de,

— ag féachaint do Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/715 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2018 maidir leis an rialachán réime airgeadais le haghaidh na gcomhlachtaí arna gcur ar bun faoi CFAE agus faoi Chonradh Euratom agus dá dtagraítear in Airteagal 70 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]), agus go háirithe Airteagal 105 de,

— ag féachaint do Riail 100 agus d'Iarscríbhinn V dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A9-0122/2024),

1. ag formheas dhúnadh chuntais an Fhorais Eorpaigh chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú (Eurofound) don bhliain airgeadais 2022,

2. á threorú dá hUachtarán an cinneadh seo a chur chuig Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Fhorais Eorpaigh chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú (Eurofound), chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig an gCúirt Iniúchóirí, agus a shocrú go ndéanfar é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* (sraith L).

An tUachtarán
Roberta METSOLA

An tArdrúnaí
Alessandro CHIOCCHETTI

([1]) IO C, C/2023/594, 27.10.2023.
([2]) IO C, C/2023/112, 12.10.2023.
([3]) IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.
([4]) IO L 30, 31.1.2019, lch. 74.
([5]) IO L 122, 10.5.2019, lch. 1.